

MÁIGHISTIR AN CHAIT BHÁIN

Bhí fear in Éirinn fadó agus bhí triúr mac aige. Sé an cheird a bhí aige a' déanamh cóistí agus carranna. Bhí a chlann mhac ina siúnearaí agus ina ngaibhní cho maith agus bhí in Éirinn. Badh é an mac ab óige an ceann ab fhearr ar fad aca. Dhéanfadh sé an oiread oibre an lá sin agus a dhéanfadh an bheirt eile agus chaitheadh sé trathnóna é. Bhí an bheirt dreathár eile ag clamhsán faoi é a bheith dá chaitheamh agus iadsan dá marbhú féin ag obair. Ar deireadh chuireadar iallach ar an athair roinnt roinnt leis agus gach a raibh a' guil dó a thabhairt dó agus é a' baint fada nó gearr as. Thug an t-athair sin dó. Roinn sé leis agus thug sé a chuid féin dó.

"Níl locht air" ar seisean.

D'fhága sé slán agus beannacht ag an athair agus bhuail sé bóthar. Ní raibh fhios an soir siar a fuaidh sé nó cén bhail a bhí air ar feadh blianta. Chríochnuigh Dia leis an athair gur bhásuigh sé. Tar éis bás an athar tháinig seisean abhaile stiallta stróicthe gan bróg ar a chois ná pinginn ina phóca.

"Anois" adeir an dreathár is sine, tig leat fanacht annseo anocht agus nuair a gheitheas tú do bhricfeasta ar maidin caitfidh tú imtheacht aríst. Níl t-athair romhat le tada a thabhairt duit."

"Níl baoghal ar m'athair nuair a bhí sé a' fágáil bháis nár fhága sé rud eicint agam" adeir an fear a bhí imighthe ar fán.

"Sé ar fhága sé agat" adeir an dreathár is sine, "an cat bán a fheiceas tú annsin ar an teaghlach.

"Dheamhan neart air" ar seisean, "caithfidimid glacadh leis."

Nuair a bhí sé ag imtheacht ar maidin, "siubhal leat liom" ar seisean leis an gcat. D'eirigh an cat ina sheasamh agus chuaigh sé amach an doras leis. Bhí siad ag imtheacht leofa go bruach abhann go dtáinig an oidhche ortha.

"Cé ngabhfaidh tú anois" adeir an cat leis an máighistir.

"Mo chrádh Dé má tá fhios agam" adeir sé.

"Caith díot do chuid éadaigh fré chéile. Nigh agus glan tú féin. Gabhfaidh mise go dtí teach rí agus gheithidh mé culaidh éadaigh duit le cur ort" adeir an cat.

D'imthigh an cat agus níor stop sé go ndeachaidh se go dorus teach an rí. Bhuail sé an dorus agus sé an rí é féin a tháinig chuige. D'fiafrúigh sé dé céard a bhí sé a iarraidh.

"Tá mo mháighistir" adeir sé, "bhí sé a' snámh. Tháinig na robálaigh nuair a chonnaiceadar amuich é agus níor fhágadar snátha éadaigh, bróg ná léine gan tabhairt uaidh."

"Gheobfaidh tú culaidh éadaigh agus fáilte" adeir an rí.

Ghlaoigh sé ar cheann dá chuid searbhóntaí agus dubhairt sé leis an capall is fearr a bhí ins an stábla a thabhairt leis go dteigheadh sé leis an gculaigh éadaigh ag an duine uasal.

"Ó ná téirigh" adeir an cat, "ceangail suas iad agus tabhair dhom féin iad. Is mé is luaithe a bhéas agus tá fhios agam cá bhfuil sé."

Thug sé sin dó ceann de na cultacha ab fhearr a bhí a' gabhail leis.

"Tabhair cuireadh chun a' tighe dó" adeir an rí leis, "le haghaidh na hoidhche."

Tháinig an cat chuige leis an gculaidh éadaigh.

"Cuir ort iad seo agus teanam liom-sa."

Lean sé don chat go dtáinig siad go dtí teach an rí. Bhí fáilte mhór ag an rí roimhe nuair a tháinig sé chuige. B'fhacthas dó nach bhfaca sé aon fhear ariamh ba bhreaghtha ná é. Fuair sé neart le n'ithe agus le n'ól, agus nuair a bhí sgathamh cainnte déanta aca leabadh le dhul a chodladh. Bhí inghean amháin ag an rí agus thóg sé an oiread sin spéis insa bhfear óg is gur fhiafruigh sé de an bpósfadh sé í ar maidin.

"Má phósair" ar seisean "is leat mo ríoghacht agus m'áit fré chéile tar éis mo bháis."

Phósadar lá ar na bhárach. Bhíodar an-spóirtiúil greannmhar pléisiúrach ar feadh bliana.

Chuimhnigh an rí ar féin agus dubhairt se go mba aisteach an fear a dtug sé a inghean dó nach raibh fhios aige cé hé féin, ná cé as a dtáinig sé nó bunadh daoine ar dhe é, nach bhfaca sé aonduine a' cur a thuairisg ná eisean a cuir tuairisg aonduine ón lá ar tháinig sé isteach chun an tighe aige, "agus caithfidh mé fios a fhághail cén sórt duine atá ann."

Annsin tháinig an cat bán go dtí an máighistir. "Táthar chugat anois" adeir sé. "Cuirfidh an rí tuairisg i mbárach leat cén sórt fear atá ionnat nó cén dream daoine ar dhe thú. Abair leis más maith leis fios a bheith aige air a chóiste agus a péire capall a thabhairt leis ar maidin, é féin agus a bhean. Fáigh féin cóiste agus péire capall agus imthigh rompa agus lean dom-sa."

Nuair d'eirigh an rí ar maidin dubhairt sé leis an bhfear óg go gcaithfeadh sé ughdar a thabhairt dó cén dream daoine ar dhe é nó cé as a dtáinig sé.

"Ná bíodh sé sin le rádh a'd, fáigh do chóiste agus péire capall, tú féin agus do bhean. Gheithidh mise cóiste agus péire capall, buailfidh mé rómhaibh agus lean dom annsin. Beidh fhios a'd cé as a dtáinig mé nó cén dream daoine ar dhe mé."

D'imthigh na cat bán rompa. Casadh beirt nó triúr fear dóibh agus sgata mór beithidheach aca.

"Anois" adeir an cat bán, "nuair a thioctas an cóiste suas libh fiafróchaidh an fear atá sa gcóiste cé leis na beithidhigh. Abraidhidh leis gur le Máighistir an Chait Bháin"

"Is measta bhéasa tú bliain ó indiu, tuige a ndéarfadh mise leis gur le Máighistir an Chait Bháin iad, agus gan baint ar bith aige dófa. Nach leis an bhfathach mór iad agus mharbhóchadh sé muid dá n-abruighimis é."

"Marbhóchaidh mise sibh mara n-abruighidh sibh é" adeir an Cat Bán, dá mhéadú féin cho mór le ceann de na bulláin. Nuair a chonnaic siad é sin dubhairt siad go ndéarfadh. Nuair a tháinig an rí suas leis an buláin d'fhiafruigh sé "cé leis iad sin?"

Dubhradar gur le Máighistir an Chait Bháin."

"Dár fiadh! Is fear saidhbhir é" adeir an rí le n-a bhean.

D'imthigh leis annsin leis an gcat agus chonaic se uimhir mhór fear agus ban istigh i ngort a' baint arbhair.

"Nuair a thioctas fear an chóiste thart ar ball fiafróchaidh sé díbh cé leis an t-arbhar sin abraidhidh gur le Máighistir an Chait Bháin."

"Tuige a ndéarfadh muid gur le Máighistir an Chait Bháin é?"

"Cuirfidh mise racht oraibh a rádh" adeir an Cat Bán, dá mhéadú féin suas.

Sganruidheadar agus dubhradar go ndéarfadh.

Nuair a tháinig an rí d'fiafruigh sé cé leis an gort arbhair. Dubhairt siad leis gur le Máighistir an Chait Bháin. Rinne sé an-iongnadh de. Níor stop an Cat Bán ariamh go ndeachaidh sé go teach an fhathaigh. Nuair a tháinig sé isteach go dtí an fathach dubhairt sé leis an bhfathach a rádh, nuair a thioctadh fear an chóiste go dtí é a rádh gur le Máighistir an Chait Bháin an caisleán.

"Go mba mheasa a bhéas tú bliain ó indiu, tuige a ndéarfainn-se go mba le Máighistir an Chait Bháin mo chaisleán?" adeir an fathach.

"Cuirfidh mise iallach ort a rádh" adeir an cat bán, dá mhéadú féin suas.

"Ná síl" adeir an fathach, "go bhfuil tusa i ndon rud ar bith a dhéanamh nach bhfuil mise i ndon a leitheid a dhéanamh."

"Bhfuil tú i ndon lucht bheag a dhéanamh dhíot féin?" adeir an Cat Bán.

"Táim" ar seisean.

"Well déan" ars an cat, "go bhfeicidh mé."

Rinne an fathach luch bheag de féin. Ní dhearna an Cat Bán ach ach crúb a bhualadh air agus é a mharbhú. Chuaigh sé go dtí na searbhóntaí agus dubhairt sé leofa, chuile dhuine aca nuair a thioctadh an rí ar ball a rádh gur le Máighistir an Chait Bháin an caisleán.

Dubhairt siadsan go n-abróchadh.

D'imthigh an Cat Bán gur casadh a mháigistir ag tigheacht dó.

"Tabhair leat anois iad" ar seisean. "Tá an caisleán ré le n-a naghaidh go maidin. déanfaidh an rí an-iongnadh den chaisleán breagh atá agat. Abair leis nach tada sin go bhfeicfidh sé na caisleáin eile atá agat."

Ar maidin lá ar n-a bhárach d'eirigh siad agus fuaradar a mbéile. Fuadar isteach ina gcuid cóistí.

"Teanamaidh uaibh anois" adeir an Cat Bán lena mháighistir, "agus leanaigí mise."

Tháinig an Cat Bán go dtí caisleán fathaigh eile, dreatháir don fhathach a bhí marbh aige. Níor thada an chéad chaisleán le hais an dara ceann.

"Abair gur le Máighistir an Chait Bháin an caisleán seo" adeir an Cat, nuair a thioctas an cóiste chugat."

"Tuige ndéarfainn-se."

"Cuirfidh mise iallach ort" adeir an Cat, dá mhéadú féin suas.

"Ná síl" adeir an fathach, "go bhfuil tú i ndon cleasa lúth ar bith a dhéanamh nach bhfuil mise i ndon a dhéanamh."

"Bhfuil tú i ndon luch bheag a dhéanamh díot féin" ar seisean.

"Táim" ars an fathach.

"Déan" ars an Cat, "go bhfeicidh mé bhfuilir."

Rinne. Bhuaile an Cat crúb air agus mharbhuigh sé é. Chuaidh an Cat go dtí na searbhóntaí agus dubhairt sé leofa nuair a thioctadh an rí ar ball a rádh gur le Máighistir an Chait Bháin an caisleán.

"Anois" adeir an Cat Bán le n-a mháighistir, "Déarfaidh an rí nuair a fheicfeas sé an caisleán seo gur shíl sé nárbh fhéidir caisleán ar bith a bheith níos fearr ná an caisleán a rabhadar ann, agus nach bhfuil goir ar bith aige air seo. Abair leis nach tada sin go bhfeicfidh sé an chéad chaisleán eile."

D'imthigh an Cat Bán ar maidin agus níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí an tríomhadh fathach. Mharbhuigh sé é mar mharbhuigh sé an bheirt eile. Tháinig an máighistir agus an rí ina dhiaidh ina gcóistí. Nuair a chonnaic an rí an caisleán bhí sé déanta ar cheithre phosta óir. Dubhairt sé nach raibh sé sáthach maith le dhul isteach ina mhacsamhail de chaisleán chor ar bith. Tháinig náire air faoin méid adubhairt sé le Máighistir an Chait Bháin. Ní dhearna sé ach a chuid capall a iompú agus filleadh abhaile. Chuaidh Máighistir an Chait Bháin agus a bhean agus an Cat Bán leofa. D'fhanadar sa gcaisleán óir ón lá sin ó shoin.

Sa Mám dom 24/5/1933